



Uimhir Lárionaid

71

Uimhir larrthóra

General Certificate of Secondary Education
2010–2011

Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

Patrúin Cheimiceacha agus ár dTimpeallacht
Modúl 3

Bonnsraith

[GSC31]



DÉ MÁIRT 9 SAMHAIN 2010, IARNÓIN

AM

45 nójead.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir larrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figíúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Tá Bileog Sonraí ar fáil le húsáid leis an pháipéar seo.

Marc iomlán	
-------------	--

- 1 (a) Taispeánann na pictiúir thíos substaintí a bhíonn sa teach. Tarraing líne amháin ó gach substaint go dtí an ceimiceán atá inti.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Substaint tí

Image of a bottle of Milk of Magnesia

Ainm ceimiceach

Hiodrocsaíd mhaignéisiam

Image of lemon slices and a lemon

Aigéad aicéiteach

Image of a bottle of vinegar

Aigéad citreach

Hiodrocsaíd sóidiam

[3]

- (b) Cén t-ainm a thugtar ar shubstaint ar féidir léi dath aigéad agus alcailí a athrú?

Roghnaigh ó:

neodraitheoir

bun

táscaire

leigheas

[1]

(c) Bíonn an tsiombail ghuaise seo thíos ar aláraim dheataigh.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc



© Crown Copyright

(i) Cén cineál d'ábhar guaiseach a bhíonn in aláraim dheataigh?

[1]

(ii) Sa spás thíos, tarraig an tsiombail ghuaise ba chóir a bheith ar channa peitril.



[1]

(iii) Cén t-ainm a thugtar ar an tsiombail ghuaise seo?

[1]

2 (a) Anseo thíos tá an scála pH.

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14
---	---	---	---	---	---	---	---	---	----	----	----	----	----

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

(i) Cad é an uimhir pH atá ag uisce fion? _____ [1]

(ii) Cén ceann acu seo a leanas a d'fhéadfadh pH 1 a bheith aige?

Ciorclagh an freagra ceart.

sú líomóide : hidrocsáid sóidiam : aigéad hidreaclórach [1]

(iii) Cad é mar a chuirfeá síos ar leacht a bhfuil pH 10 aige?

Ciorclagh an freagra ceart.

aigéad láidir : alcaile lag : alcaile láidir [1]

Taispeánann an pictiúr thíos feirmeoir ag cur aoil ar an ithir.



© N Herendeen


(b) Mínigh ina ionláine an fáth a gcuireann feirmeoirí aol ar an ithir in amanna.

[2]

3 Taispeánann an léaráid adamh nítrigine.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc



- (a) Ainmnigh na codanna atá lipéadaithe **A**, **B** agus **C** ar an léaráid thusa. [3]
- (b) Comhlánaigh an abairt seo a leanas.

Roghnaigh ó:

7

14

21

Is é _____ an uimhir adamhach atá ag nítrigin. [1]

- (c) Tá ocht leictreon ag adamh ocsaigine.

Sa spás thíos, tarraing léaráid lena thaispeáint cén cóiriúchán atá ar na hocht leictreon seo in adamh ocsaigine.

[1]

- 4 Is taifí tiubh milis é Yellow Man. Tugtar cíor mheala air chomh maith.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc



© Ruth Wilson - Scotproof

Anseo thíos tá na treoracha le Yellow Man a dhéanamh. Níl siad san ord ceart.

- A An meascán a théamh go dtí go bhfiuchann sé.
- B An meascán a dhoirteadh isteach i dtráidire.
- C Soid aráin a chur isteach agus é a chorraí.
- D É a ghearradh ina smutáin nuair atá sé fuar go leor.
- E An siúcra a mheascadh leis an tsíoróip órga agus an fhínéagar.

- (a) Cuir na céimeanna seo san ord ceart ag úsáid na litreacha **A**, **B**, **C**, **D** agus **E**.

Tá an chéad cheann déanta.

E

[2]

- (b) Cad é a d'fheicfeá i ndiaidh gur cuireadh an tsoid aráin isteach ag céim **C**?

_____ [1]

- (c) Ainmnigh an gás is cúis leis na boilgeoga sa taifí.

_____ [1]

- (d) Úsáidtear fínéagar san oideas seo. Nuair a chuirtear an fínéagar isteach tarlaíonn dhá chineál dhifriúla d'imoibriú ceimiceach don tsoid aráin le linn an phróiseas cócaireachta.
Ciorclagh an **dá** chineál imoibrithe atá ceart.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

neodrú : díláithriú : dianscaoileadh teirmeach

dóchán : ocsaídiú

[2]

- 5 Sa tábla thíos tá dúile áirithe as ceithre ghrúpa dhifriúla den Tábla Peiriadach.

A	B	C	D
carbón	héliam	clóirín	litiam
sileacan	neon	bróimín	sóidiam
luaidhe	argón	iaidín	potaism

Úsáid an fhaisnéis sa tábla agus sa Bhileog Sonraí leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

- (a) (i) Cén grúpa **A, B, C** nó **D** a bhaineann leis na halaiginí?

_____ [1]

- (ii) Cén grúpa **A, B, C** nó **D** a gcuirtear síos air mar thámh go ceimiceach?

_____ [1]

- (iii) Ainmnigh an grúpa seo de dhúile támha.

_____ [1]

- (iv) Cén t-ainm a thugtar ar an chineál dúl i ngrúpa **D**?

_____ [1]

- (b) Luaih 3 rud a tharlódh dá ligfí do phíosa beag litiam titim isteach in umar d'uisce fuer.

1 _____

2 _____

3 _____ [3]

- 6 (a) I Mí Feabhra 2008 bhí crith talún beag i ndeisceart Shasana. Tharla sé ar a haon a chlog ar maidin.

D'fhéadfadh sé níos mó daoine a ghortú chomh luath sin ar maidin. Luaign **dhá** fháth le cad chuige.

[2]

- (b) Taispeánann an tábla thíos na héifeachtaí a bhaineann le creathanna talún de mhéideanna difriúla.

Uimhir ar Scála Richter	Éifeacht crith talún
2	Crainn ag luascadh, cuilithní ar locháin, doirse ag luascadh go mall. Ní léir do dhaoine gur crith talún atá ann.
4	Foirgnimh ag crith, soithí ag gliogarnach le chéile, fuinneoga ag bualadh.
6	Troscán ag bogadh, is féidir go dtitfidh plástar, is féidir go scoitfidh ballaí.
8	Foirgnimh ag titim, droichid ag titim, daoine ag fáil bháis.

Tá creathanna talún coitianta go leor sa RA, ach bíonn a bhformhór níos lú ná 2 ar an Scála Richter.

Luaign fáth amháin nach dtuairiscítar a bhformhór agus míniugh do fhreagra.

[2]

- (c) Anseo thíos tá roinnt ráiteas ó thuairisceoirí BBC díreach i ndiaidh an chreatha talún in 2008.

“Thosaigh gach rud ag crith. Bhí na fuinneoga ag gliogarnach agus bhí na dallóga ag bogadh.”

“Chuaigh mé amach agus m’fallaing sheomra orm lena fheiceáil an raibh an díon i ndiaidh titim.”

“Bhí scoilteanna le feiceáil sa tsíleáil agus thit cuid den phlástar anuas. D’oscail doirse na gcófraí go tobann.”

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

An t-eolas seo agus an tábla thall in úsáid agat, luaigh cén uimhir ar an Scála Richter is fearr a chuireann síos ar chrith talún 2008.

Ciorclagh an freagra ceart.

1

3

5

7

9

[1]

- (d) I Háítí i Mí Eanáir 2010 bhí crith talún mór a thomhais a 7 ar an Scála Richter. Cuir síos ar cad é is cúis le crith talún, agus mínigh an fáth nach féidir rabhadh a thabhairt do dhaoine.

[3]

- (e) Bheadh sé tábhachtach a bheith ábalta rabhadh a thabhairt do dhaoine dá mbeadh crith talún ar tí tarlú. Luaigh fáth **amháin** le cad chuige.

[1]


- 7 Chuir mac léinn turgnamh i dtreoir le fiosrú a dhéanamh ar na ruaiméanna i ndathúchán dubh bia.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Ba mhaith leis na ruaiméanna a chur i gcomparáid leis na dathanna E102, E122 agus E142 atá ceadaithe agus a fháil amach an raibh aon ruaiméanna eile ann.

Tá a chuid torthaí anseo thíos.



- (a) Ainmnigh an modh deighilte seo.

_____ [1]

- (b) Cuir síos ina ionmláine ar cad é a d'fhoghlaim an mac léinn mar thoradh ar an turgnamh seo.

_____ [3]

- (c) Déantar dathúcháin bhia a thástáil ar ainmhithe.

Luaigh buntáiste amháin agus míbhuntáiste amháin a bhaineann le tástáil a dhéanamh ar ainmhithe.

_____ [2]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.